

<b>Preasráiteas</b>	<b>Tuilleadh eolais:</b>	*Leagan Béarla ar Ich. 3
Press Release	<a href="mailto:gaeilgeiorrais@gmail.com">gaeilgeiorrais@gmail.com</a>	English summary on pg 3.
15.05.2023	<b>097-29023</b>	

## Lá mór ag páistí ó Ghaeltacht Iorrais ag Fleadh Cheoil Mhaigh Eo

Ba mhaith le Gaeilge Iorrais comhghairdeas ó chroí agus bualadh bos mór a thabhairt do chuile pháiste ón nGaeltacht seo a ghlac páirt i bhFleadh Cheoil Mhaigh Eo ag an deireadh seachtaine. Tá moladh mór millteach ag dul do na páistí seo, maraon lena gcuid tuismitheoirí agus a gcuid múinteoirí. Nár laga Dia iad.

Glac ceathrar páirt sa chomórtas comhrá Gaeilge in aoisghrúpaí difriúla agus réimse maith acu ann ó rang na naónán go rang a 6. Beidh siad uilig ag dul ar aghaidh chuig an gcéad bhabhta eile, a bheidh mar chuid de Fleadh Chonnacht i mbÉal an Átha ag túis mhí Iúil. Nach iontach go deo iad.

- Roghnaíodh Miya Ní Ghuidhir (SN Cheathrú Thaidhg) agus Eimear de Róiste (SN na hEachláime agus CCÉ Craobh Chlann Lir) le dul ar aghaidh sa chomórtas comhrá Gaeilge faoi 9.
- Beidh Muireann Nic Aindriú (SN Cheathrú Thaidhg) ag dul ar aghaidh sa chomórtas comhrá Gaeilge (9 – 11) agus Aoibhínn Ní Mhonacháin (SN na hEachláime agus CCÉ Craobh Chlann Lir) sa chomórtas comhrá Gaeilge (11 – 13).

D'éisigh thar cionn le hamhránaithe óga na Gaeltachta seo chomh maith.

- Bhuaigh Aoibhínn Ní Mhonacháin (SN na hEachláime agus CCÉ Craobh Chlann Lir) an chéad áit sa chomórtas amhránaíochta ar an sean-nós (mná faoi 12) agus an dara háit tugtha léi ag Nell Ní Mhongáin (SN Dhumha Thuama agus CCÉ Craobh Chlann Lir).
- Bhain Jamie Ó Ciaráin (SN Chorrchloch agus CCÉ Craobh Chlann Lir), an chéad áit sa chomórtas amhránaíochta ar an sean-nós (fir faoi 12)
- Bronnadh an chéad áit ar Nell Ní Mhongáin (SN Dhumha Thuama agus CCÉ Craobh Chlann Lir) sa chomórtas amhránaíochta (i mbÉarla faoi 12).

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleánala teanga sa Ghaeltacht.

Ardú croí ar fad a bhí ann a bheith ag éisteacht leofa agus iad ag canadh leaganacha áitiúla d'amhráin mhóra na Gaeltachta seo go binn - amhráin cháiliúla cosúil le Sail Óg Rua, Sadhbh Ní Mhonghaile, Cúirt Bhaile Nua, Barr an tSléibhe agus Brighid Ní Mháille.

Is mór againn na héachtaí seo a cheiliúradh agus a thréaslú arís le páistí na Gaeltachta seo. Ba mhaith linn ardmholadh agus buíochas speisialta a ghabháil leis an múinteoir amhránaíochta, Síle Uí Mhongáin, atá ag tabhairt faoi chlár amhránaíochta ar an sean-nós i scoileanna Gaeltachta Iorrais le díograis agus le dúthracht agus a bhuí le tacaíocht ó scéim Neartú Ealaín na Gaeltachta atá á comhordú ag Gaeilge Iorrais ó 2020.

Go bhfios dúinn, seo í an chéad uair le roinnt mhaith blianta ó bronnadh bonn ar pháiste ón nGaeltacht seo nó ón gcraobh áitiúil de Chomholtas Ceoltóirí Éireann (CCÉ Craobh Chlann Lir) ag Fleadh ar bith. Lá mór a bhí ann do Ghaeltacht Iorrais Dé Sathairn seo caite mar sin, agus 8 duais ar fad tugtha leofa ag páistí na Gaeltachta seo. Guíonn muid chuile rath agus sonas ar na páistí seo agus iad ag dul ar aghaidh anois chuig Fleadh Chonnacht i mí Iúil.

## Great day for children from Gaeltacht Iorrais at Fleadh Cheoil Mhaigh Eo

Gaeilge Iorrais would like to offer heartiest congratulations and a huge round of applause to all the children from our Gaeltacht area that took part in *Fleadh Cheoil Mhaigh Eo* last weekend. We would like to celebrate and congratulate these children, along with their parents and teachers. *Nár lága Dia iad.*

Four children from age-groups ranging from infant to 6th class took part in the Irish conversation competition (*comórtas comhrá Gaeilge*). They were all successful in progressing to the next round, which will be part of Fleadh Connacht in Ballina at the beginning of July. *Nach iontach go deo iad.*

- Miya Ní Ghuidhir (SN Cheathrú Thaidhg) and Eimear de Róiste (SN na hEachláime and CCÉ Craobh Chlann Lir) were selected to go forward in the under 9 *comórtas comhrá Gaeilge*.
- Muireann Nic Aindriú (SN Cheathrú Thaidhg) was also selected to progress in the *comórtas comhrá Gaeilge* (9 – 11), as was Aoibhínn Ní Monacháin (SN na hEachláime and CCÉ Craobh Chlann Lir) in the *comórtas comhrá Gaeilge* (11 – 13).

Our young *sean-nós* singers from this Gaeltacht area were also very successful;

- Aoibhínn Ní Mhonacháin (SN na hEachláime and CCÉ Craobh Chlann Lir) won first place in the *sean-nós* singing competition (females under 12).
- Nell Ní Mhongáin (SN Dhumha Thuama and CCÉ Craobh Chlann Lir) secured second place in the *sean-nós* singing competition (females under 12).
- Jamie Ó Ciaráin (SN Chorrchloch and CCÉ Craobh Chlann Lir), took first place in the *sean-nós* singing competition (boys under 12)
- First place was awarded to Nell Ní Mhongáin (SN Dhumha Thuama and CCÉ Craobh Chlann Lir) in the another singing competition (in English under 12).

It was truly heart-warming to listen to all these children singing local versions of renowned songs from our Gaeltacht area - songs such as *Sail Óg Rua*, *Sadhbh Ní Mhonghaile*, *Cúirt Bhaile Nua*, *Barr an tSléibhe* and *Brighid Ní Mháille*.

We are delighted to celebrate all these achievements and congratulate the children from our Gaeltacht area once again. We would also like to give due praise and special thanks to the *sean-nós* singing teacher, Síle Uí Mhongáin, who is undertaking a *sean-nós* singing program in Gaeltacht scheme schools in Erris with enthusiasm and dedication. This *sean-nós* singing program is funded by *Ealaín na Gaeltachta* Neartú scheme which is coordinated by Gaeilge Iorrais since 2020.

As far as we know, this is the first time in many years that a medal has been awarded to a child from our Gaeltacht area or from the local branch of Comhaltas Ceoltóirí Éireann (CCÉ Craobh Chlann Lir) at any Fleadh. It was a momentous day for Gaeltacht Iorrais last Saturday, and a total of 8 prizes were won by local children. We wish these children every success and happiness as they progress to Fleadh Connacht in July.

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachláim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleánala teanga sa Ghaeltacht.